Paróiste an Fheirtéaraigh

Paróiste Dhún Chaoin, Paróiste Dhún Urlann, Paróiste Mhárthain,
Paróiste na Cille, Paróiste Mórdhach

Fógraí na Seachtaine 31 Deireadh Fómhair – 6 Samhain 2026

Séipéal na Carraige,
Dé Sathairn, 31 Deireadh Fómhair ar a 7.30in
Dé Máirt, 3 Samhain ar a 9.30rn.
Intinn: Michael Galvin, Dún Mhaonmhaí, C.B.
Séipéal Naomh Uinseann, Dé Domhnaigh, 1 Samhain ar a 10.00rn

Ar dualgas do Limistéar Tréadach Chorca Dhuibhne an Domhnach seo – An tAthair Eamonn Mulvihill 066-7139145

Guí an Phobail
Na daoine luaite ar Liostaí na Samhna agus na mairbh go léir.
David Lovett, Baile Íochtarach, a fuair bás le déanaí.
Ted Kelliher, Trá Lí, a fuair bás le déanaí.
Kathleen Moynihan, An Mhin Aird Thoir, a fuair bás le déanaí.

Aifrinntí na Samhna

Beidh cuimhneamh speisialta ar na daoine go léir a cailleadh agus a cuireadh sa pharóiste i rith na bliana agus iad siúd atá luaite ar Liostaí na Samhna.
Séipéal Naomh Gobnait, Dé Domhnaigh, 8 Samhain ag 9.00rn
Séipéal Naomh Uinseann, Dé Domhnaigh, 8 Samhain ag 10.00rn
Séipéal na Carraige, Dé Sathairn, 14 Samhain ag 7.30in
(Beidh cuimhneamh ar na mairbh ag na h-aifrinntí i gcaitheamh na Samhna)

Bailiúchán Speisialta
Beidh bailiúchán speisialta ar mhaithe le Comisiúin na hEaglaise an deireadh seachtaine seo chugainn **7/8 Samhain.**

Cuimhneachán na Marbh

Séipéal Naomh Gobnait, Dé Luain, 2 Samhain ar a 9.00rn
Séipéal Naomh Uinseann, Dé Luain, 2 Samhain ar a 10.00rn
Séipéal na Carraige, Dé Luain, 2 Samhain ar a 6.00in

Aifrinntí i rith na seachtaine
Séipéal Naomh Uinseann
Dé Luain 10.00rn, Déardaoin 7.00in.
Dé hAoine 9.30rn (An Chéad Aoine)
Séipéal na Carraige
Dé Luain 6.00in, Dé Máirt 9.30rn,
Dé hAoine **6.00in**
Séipéal Naomh Gobnait
Dé Luain 9.00rn

Buíochas

Buíochas ó chroí do gach uile dhuine a chabhraigh in aon tslí le Ceolchoirm an Fhómhair, a bhí ar siúl in Ionad an Bhlascaoid le déanaí. Buíochas do Lorcán Ó Cinnéide agus do fhoireann Ionad an Bhlascaoid a chuir an amharclann ar fáil agus a bhí chomh cabhrach linn. Buíochas do Mhicheál de Mórdha, Fear an Tí. Buíochas leis na daoine agus na gnóanna a chuir duaiseanna ar fáil, na hurraitheoirí, go háirithe Liam Néill, Aodh Ó Curráin - Óstan Harding, Brian Budhlaeir, Ostán Aghadoe Heights, Seán Ó Liatháin, Óstán Bhaile an Róistigh, agus buíochas do Maria Simmonds Gooding a thug píosa álainn ealáine don gceant, agus do gach duine a cheannaigh ticéid don gcrannchur, a thug síntiúis, a ghlac páirt sa cheant, a d'fhreastail ar an gceolchoirm agus na daoine a chabhraigh ar an oíche. Buíochas speisialta dos na ceoltóirí, amhránaithe, na rinceoirí agus an scéalaí. Go gcuití Dia go fial libh!

Beidh Aifreann Speisialta in Ospidéal Pobail Chorca Dhuibhne, dos na daoine a fuair bás ann i rith na bliana, Dé Céadaoin, 4 Samhain ar a 11.00rn. Fáilte roimh ghaolta agus roimh chairde.

Carlo Acutis – Aifreann Míosúil agus Beannú le Taisí Carlo Acutis

Beidh Aifreann agus deabhóidí i Seipéal Naomh Uinseann, Déardaoin, 5 Samhain, ar a 7.00in. Beidh Adhradh, an Choróin Mhuire agus paidreacha eile ann óna 6.00in.

Ofráil an Fhómhair agus Aifrinntí na Samhna dos na Mairbh

Tá na clúdaigh do Ofráil an Fhómhair agus Aifrinntí na Samhna dos na Mairbh curtha amach anois. Buíochas ó chroí dos na daoine a thugann amach na clúdaigh dúinn. Téann an t-airgead ós na bailiúcháin seo go dtí tuarastal an tsagairt. Táimid ana bhuíoch as bhur gcabhair agus bhur bhflaithiúlacht agus guímid gach beannacht agus rath oraibh agus ar bhur muintir.

Adhradh na Naomh Shacraimint i Séipéal Naomh Gobnait, 1 Samhain, idir 2.00 – 4.00in.

Féilte i rith na Seachtaine
3 Samhain, Naomh Maolmhaodhóg
4 Samhain, Naomh Charles Borromeo
5 Samhain, Naomh Máirtín de Porres
6 Samhain, Naoimh Uile na hÉireann
Gach eolas: catholicsaints.mobi

Treoracha faoi Loghanna Cuimhneachán na Marbh

Is féidir leis na fíréin a thugann turas ar reilig agus a ghuíonn ar son na marbh aon logha iomlán a ghnóthú gach lá idir 1 agus 8 Samhain. Bileoga le treoracha sna séipéil.

Rinne Iúdás Macabaech bailiúchán chomh maith uathu ina nduine agus ina nduine, suim dhámhíle drachma airgid, agus sheol é go Iarúsailéim le soláthar a dhéanamh don íobairtpheaca. Ba mhaith agus b'uasal an mhaise dó sin, agus an t-aiséirí á chur sa mheá aige. Mar mura mbeadh go raibh sé (Iudás Macabaech) ag súil leis go n-éireodh an mhuintir a thit arís, ba dhíomhaoin agus ba bhaoth an rud é a bheith ag guí ar son na marbh. **Sliocht as Leabhar na Macabaech 2 (12)**

Recovery Haven (Ionad Tacaíochta Ailse)

Beidh cúrsa á rith ag Recovery Haven ar líne 'Building better Caregivers', ag tosnú, Dé Luain, 2 Samhain óna 10.30rn-1.00in. Gach eolas 066-7192122.

An Chéad Aoine agus Glaochanna Comaoineach

Dé hAoine seo chugainn an Chéad Aoine, 6 Samhain. Má theastaíonn ó éinne dul ar an liosta seo glaoigh ar Thigh na Sagart 066-9156131.

Déardaoin, 5 Samhain	Paróiste na Cille/Paróiste Módhrach tar éis lóin
Dé hAoine, 6 Samhain	Dún Chaoin/An Buailtín/Paróiste Mhárthain tar éis lóin

An Mairtíreach: An tAthair Proinsias Ó Súilleabháin O.F.M. (1591-1653)

Beidh léacht dár teideal 'Bráthar Rua na Scairbe' á thabhairt ag an tAthair Billy Hoyne O.F.M. Tosnóidh an ócáid ag an scrín i Mainistir na bProinsiasach i gCill Áirne, Dé Luain, 9 Samhain, ar a 8.00in. Breis eolais ón Athair Tomás Ó Luanaigh 087-2213799. Fáilte roimh chách.

Ciste an Pharóiste €805.00

Más mian leat tacú le Ciste an Pharóiste is féidir leat do shíntúis a chur i gCúntas Pharóiste an Fheirtéaraigh, Banc AIB, Príomhshráid, An Daingean – **IBAN: IE40 AIBK 93628602 090140 (BIC: AIBKIE2D).**

Fógraí go Tigh na Sagart, roimh 10.30 r.n. Déardaoin, le bhur dtoil:
Fón: 066-9156131 r-phost: oifig@yahoo.ie